

# An pacáiste maidir le paitinne aonadach


Cosaint phaitinní shimplithe agus  
níos leithne ar chostas níos ísle

# Leis an bPaitinn Aonadach

forlíontar agus neartaítear an córas Eorpach láraithe um deonú paitinní atá ann cheana féin. I dteannta le Cúirt Aontaithe na bPaitinní, cuireann sé rogha costéifeachtach ar fáil d'úsáideoirí maidir le cosaint paitinne agus réiteach díospóidí ar fud na hEorpa agus spreagtar leis taighde, forbairt agus infheistíocht sa nuálaíocht.

Is sócmhainní láidre iad paitinní Eorpacha, a chuireann ar chumas cuideachtaí nuálacha infheistíocht a mhealladh, idirbhearta brabúsacha maidir le ceadúnú a dhéanamh, a sciar den mhargadh a chosaint agus a ngnó a leathnú. Mar sin féin, féadann sé a bheith costasach agus casta paitinní Eorpacha a bhailíochtú, a chothabháil

agus a fhorfheidhmiú. Ní hamháin go bhfuil sé níos simplí agus níos saoire aireagáin a chosaint ar fud na hEorpa go héifeachtach le córas nua na bPaitinní Aonadacha ach tugtar isteach leis freisin córas láraithe réitithe díospóide nach bhfuil chomh casta céanna agus a chuireann deimhneacht dhlíthiúil níos fearr ar fail.



# Ó bheart de phaitinní náisiúnta ...

Ó bhí na 1970idí ann, tá próiseas aonair láraithe curtha ar fáil ag Oifig Eorpach na bPaitinní (OEP) chun paitinní a dheonú san Eoraip. Déantar iarratais ar phaitinn, a chuirtear isteach i mBéarla, i bhFraincis nó i nGearmáinis, a chioradh go mion agus a scrúdú ó thaobh an dlí de chun a chinntiú go bhfuil na paitinní a thagann as ar an gcaighdeán is fearr is féidir. Tar éis an nós imeachta láraithe um deonú seo, is féidir le dílseánach na paitinne cosaint phaitinne a fháil i suas le 45 tír. Ní ceart aonadach í an phaitinn Eorpach arna deonú, áfach, ach beart de phaitinní náisiúnta, rud a chiallaíonn go gcaithfear í a bhailíochtú agus a chothabháil ina haonar i ngach tír ina mbeidh éifeacht le bheith aici – próiseas ar féidir leis a bheith casta agus costasach.



---

**Ní ceart aonadach é an phaitinn Eorpach arna deonú ach beart de phaitinní náisiúnta, rud a chiallaíonn go gcaithfear í a bhailíochtú agus a chothabháil ina haonar i ngach tír – próiseas a d'fhéadfadh a bheith casta agus costasach.**

## ... go ceart aonadach aonair

Le córas na bPaitinní Aonadacha cuirtear deireadh leis na heasnamh seo do Bhallstáit rannpháirteacha an Aontais: **leis an bPaitinn Eorpach nua le héifeacht aonadach (“Paitinn Aonadach”)** tugtar bealach simplithe le haghaidh chosaint chríche paitinne atá aonfhoirmeach agus leathan, rud a laghdaíonn rómhaorlathas agus costais go suntasach. Forlíontar an nós imeachta láraithe iardheontais na paitinne Eorpaí atá ann anois le nós imeachta láraithe réamhdheonaithe seachas a bPaitinn Eorpach a bhailíochtú ina haonar i roinnt stát, is féidir le dílseánaigh Paitinn Aonadach a fháil trí iarratas aonair a chur isteach chuig OEP, a fheidhmíonn mar ionad ilfhreastail atá freagrach freisin as an bPaitinn Aonadach agus na híocaíochtaí táillí gaolmhara a riar go lárnach.

---

**Cuireann an phaitinn Eorpach nua le héifeacht aonadach bealach simplithe ar fáil do chosaint chríche paitinne atá aonfhoirmeach agus leathan, agus laghdaítear go mór leis rómhaorlathas agus costais.**

# Conas a oibríonn sé?

Leis an bPaitinn Aonadach comhlántar córas Eorpach na bpaitinní atá ann cheana seachas teacht ina ionad. Beidh an deis ag gnólachtaí nuálaíocha ó gach cearn den domhan an bealach náisiúnta a úsáid chun a bpaitinn Eorpacha a bhailíochtú i Stát Conarthach amháin nó níos mó de chuid Chúirt Eorpach na bPaitinní nó cosaint na bPaitinní Aonadacha a roghnú. Nó féadfaidh siad an córas nua a chomhcheangal leis an gcóras atá ann cheana agus ar an gcaoi sin Paitinn Aonadach a bheith acu in éineacht lena bpaitinn Eorpach traidisiúnta a bhailíochtú i Stáit Chonarthacha eile de chuid Chúirt Eorpach na bPaitinní nach bhfuil rannpháirteach i gcóras nua na bPaitinní Aonadacha nó nách ndearna fós an Comhaontú maidir le Cúirt Aontaithe na bPaitinní (“Comhaontú CAP”) a chomhaontú.

Leis an bPaitinn Aonadach comhlántar córas Eorpach na bpaitinní atá ann cheana seachas teacht ina ionad. Beidh an deis ag gnólachtaí nuálaíocha ó gach cearn den domhan an bealach náisiúnta a úsáid, cosaint na bPaitinní Aonadach a roghnú, nó an córas nua a chomhcheangal leis an gcóras atá ann cheana féin.



# Cén chaoi paitinn aonadach a fháil?

Sula bhféadfaidh dílseánaigh a thabhairt faoi deara go ndéanfaí OEP Paitinn Aonadach a chlárú, ní mór dóibh paitinn Eorpach a fháil ar dtús. Ciallaíonn sé seo nach mór iarratas ar phaitinn Eorpach a chur isteach agus a phróiseáil faoi rialacha agus nósanna imeachta coitianta agus iontaoifa Choinbhinsiún na Paitinne Eorpaí. Is é an rud atá nua ná go gcuirtear leis an nós imeachta láraithe réamhdheontais atá ann faoi láthair trí nós imeachta láraithe iardheontais ag OEP.

Tá an nós imeachta chun Paitinn Aonadach a fháil simplí agus éasca: ní mór an phaitinn Eorpach a bheith deonaithe leis an tsraith chéanna éileamh i leith gach Ballstát de chuid an Aontais atá rannpháirteach. Ba cheart an iarratas ar éifeacht aonadach a chur isteach ansin laistigh de mhí amháin ó fhoilsiú dheonú na paitinne Eorpaí, agus féadfar é a chur isteach níos luaithe tráth ar bith tar éis fógra a thabhairt faoin gcinneadh maidir le deonú. Cé is moite den idirthrímhse tosaigh, ní bheidh aon aistriúchán iardheontais ag teastáil don Phaitinn Aonadach. Scrúdóidh OEP an t-iarratas ar éifeacht aonadach agus cláróidh sé Paitinn Aonadach má chomhlíontar na ceanglais.

---

**Tá an nós imeachta chun Paitinn Aonadach a fháil simplí agus éasca: Ní mór do dhílseánaigh paitinn Eorpach a fháil ar dtús, ansin beidh orthu iarratas ar éifeacht aonadach a chur isteach.**

# Cén costas atá air?

Níl costas ar bith ag baint leis an iarratas ar éifeacht aonadach, i.e. ní bheidh aon táillí seachadta, scrúdaithe nó clárúcháin iníoctha le OPE as seo.

Socraíodh an táille athnuachana do Phaitinn Aonadach ar leibhéal atá thar a bheith tarraingteach agus fábhreach do ghnó: is lú ná EUR 5 000 an costas iomlán chun í a chothabháil ar feadh na chéad deich mbliana, is é sin meánshaolré na paitinne Eorpaí.

Léirítear le comparáid idir na táillí agus na costais indíreacha go mbeidh costas foriomlán Paitinne Aonadaí i bhfad níos ísle ná an costas a thabhaítear faoi láthair chun paitinn traidisiúnta Eorpach a bhailíochtú agus a chothabháil i gceithre thír.

Is léir acmhainneacht foriomlán coigilte maidir le costais na Paitinne Aonadaí nuair a chuirtear an coigilteas óna riar simplithe san áireamh freisin. I gcás paitinne traidisiúnta Eorpach, ní mór táillí athnuachana éagsúla de mhéideanna éagsúla a íoc in airgeadraí éagsúla le hoifigí náisiúnta paitinne éagsúla, a bhfuil ceanglais dhlíthiúla éagsúla acu freisin, go háirithe ó thaobh teorainneacha ama de. Maidir leis an bPaitinn Aonadach, níl ach táille athnuachana amháin i gceist atá iníoctha go lárnach le OEP in airgeadra aonair (euro) agus trí nós imeachta caighdeánaithe le spriocdháta amháin agus gan aon oibleagáid ionadaí a úsáid.

Ina theannta sin, tá FBManna incháilithe anois do chúiteamh EUR 500 le haghaidh na gcostas a bhaineann le haistriúchán ar iarratas tosaigh ar a chur isteach i gceann de thrí theanga oifigiúla OPE.

## Táillí athnuachana don phaitinn aonadach

–	–	11 ú bliain	€ 1 460
An dara bliain	€ 35	12 ú bliain	€ 1 775
an tríú bliain	€ 105	13 ú bliain	€ 2 105
an ceathrú bliain	€ 145	14 ú bliain	€ 2 455
5 ú bliain	€ 315	15 ú bliain	€ 2 830
6 ú bliain	€ 475	16 ú bliain	€ 3 240
7 ú bliain	€ 630	17 ú bliain	€ 3 640
8 ú bliain	€ 815	18 ú bliain	€ 4 055
9 ú bliain	€ 990	19 ú bliain	€ 4 455
10 ú bliain	€ 1 175	20 ú bliain	€ 4 855

– Táille bhreise ar tháille athnuachana dhéanach a íoc = 50% den táille athnuachana dhéanach (Airt 2(1), mír 2, RFeesUPP)  
– Laghdú 15% ar an táille athnuachana i gcás ceadúnas cirt (Riail 12 UPR, Airt 3 RFeesUPP)

**Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi chostas Paitinne Aonadaigh i gcomparáid le cosaint choibhéiseach i gceithre phríomhthír Eorpacha faoin sheanchóras paitinne Eorpach, féach ar shuíomh [Gréasáin OEP](#).**


Níl costas ar bith ag baint leis an iarratas agus tá an táille athnuachana an-tarraingteach agus fábhreach do ghnó.

# Cad mar gheall ar an raon feidhme geografach?

D'fhéadfadh raon feidhme geografach na Paitinne Aonadaí 27 Ballstát an AE a chumhdach.

Chun a bheith cumhdaithe leis an bPaitinn Aonadach, ní hamháin go gcaithfidh Ballstát a bheith rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe ach caithfidh sé an Comhaontú CAP a bheith daingnithe aige freisin nuair a chláraítear an Phaitinn Aonadach.

Fanfaidh raon feidhme geografach Paitinne Aonadach áirithe mar a chéile ar feadh a shaolré agus ní leathnófar é chuig stáit a dhaingneoidh an Comhaontú CAP tar éis a éifeacht aonadach féin a bheith cláraithe.



18 stáit (gorm dorcha) a dhaingnigh an maidir le Cúirt Aontaithe na bPaitinní (“Comhaontú CAP”) agus a bhí cumhdaithe mar sin faoi chosaint na bPaitinní Aonadacha nuair a cuireadh tús leis an gcóras nua (is iad sin: an Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSualainn); chomh maith le 7 stáit eile (pale gorm) a d’fhéadfadh dul isteach sa chóras nuair a dhaingníonn siad an UPCA (is iad sin: an Chipir, Poblacht na Seice, an Ghréig, an Ungáir, Éire, an Pholainn, an tSlóvaic).



# Cúirt aonair le haghaidh paitinní san Eoraip

**Cuireann Cúirt Aontaithe na bPaitinní nua (CAP) dlí aonfhoirmeach substainteach paitinne i bhfeidhm chun raon feidhme na gceart a thugtar agus na teorainneacha a bhaineann leo a chinneadh.**

Tá forghníomhú breithiúnach ag éirí i bhfad níos simplí, agus caingne tugtha os comhair Chúirt Aontaithe na bPaitinní (CAP), dlínse lárnach tiomnaithe nua do Bhallstáit rannpháirteacha an Aontais a bhfuil dlínse acu go háirithe Idíospóidí maidir le sárú nó cúlghairm a éisteacht.

Mar thoradh ar chúirt Eorpach paitinne tiomnaithe gan a bheith ann roimhe seo, b'fhéidir go mbeadh caingne maidir le paitinní in imeachtaí comhthreomhara os comhair cúirteanna náisiúnta éagsúla, rud a d'fhéadfadh caingean dlí a dhéanamh casta agus costasach do na páirtithe go léir.

Cuireann CAP deireadh leis seo. Is ann do thimpeallacht dlíthíochta paitinne níos simplí anois do dhílseánaigh Phaitinní Aonadacha agus paitinní Eorpacha traidisiúnta sna stáit atá cláraithe faoina dlínse.

Mar chuid de CAP tá Cúirt Chéadchéime, Cúirt Achomhairc agus Clárlann. Cuireann sé dlí aonfhoirmeach substainteach paitinne i bhfeidhm agus raon feidhme na gceart a thugtar agus na teorainneacha a bhaineann leo a chinneadh. Is iad painéil ilnáisiúnta ina bhfuil bhreithiúna a bhfuil cáilíocht dlí agus teicniúil acu a dhéanann cinntí. Comhlíonfar lena gcinntí na caighdeáin cháilíochta is airde agus bunóidh siad cásdlí comhchuibhithe lena n-áiritheofar deimhneacht dhlíthiúil níos fearr.

Beidh nósanna imeachta os comhair CAP níos simplí, níos tapúla agus níos éifeachtaí. Beidh costas na dlíthíochta níos ísle freisin mar ní bheidh aon ghá le dlíthíocht i ngach Ballstát. Bainfidh cuideachtaí beaga leas freisin as táillí cúirte laghdaithe agus, má chailleann siad a gcás, beidh uasteorainn níos ísle ar na costais in-aisghabhála is féidir a dhámhachtain ar an bpáirtí a n-éireoidh leis..

Anuas ar Phaitinní Aonadacha, tá dlínse ag CAP freisin maidir le paitinní Eorpacha traidisiúnta, cé go mbeidh feidhm ag roinnt eisceachtaí ar feadh idirthrímhse go dtí an 31 Bealtaine 2030.

# Cathain ar cuireadh tús leis an gcóras nua?

Tháinig córas nua na bPaitinní Aonadacha i bhfeidhm an **1 Meitheamh 2023**, nuair a thosaigh Cúirt Aontaithe na bPaitinní ag feidhmiú.



**Arna fhoilsiú agus arna chur in eagar ag**  
Oifig Eorpach na bPaitinní  
© EPO Meán Fómhair 2024  
[epo.org/unitary](https://epo.org/unitary)

**Freagrach as an ábhar:**  
Stiúrtóireacht na Forbartha Paitinní & Saotharlann  
IP (D 5.2.1) agus Rannóg na bPaitinní Aonadacha  
(D 5.3.2.2)

**Seoladh:**  
Bob-van-Benthem-Platz 1 | 80469 München  
an Ghearmáin

**Teil.:**  
+49 89 2399-0

**Ríomhphost:**  
[support@epo.org](mailto:support@epo.org)